Cumha ceathrair do mheasg mé

[A. Macbain and Rev. J. Kennedy (eds), *Reliquiae Celticae* II (Inverness, 1894), pp. 232-40]

Cathal mac Muirigh cct.

1 Cumha cethrair do mheasg mé
dom dhercuibh ni ceilt ar chaoi
ga truime chumha dom chlí
sí ag dula a luinn[e] gac laoi.

2 Cum da dheisi ar mbrath búan
is meisi trath ga ttúr
tuar tesda an chumha dom chrádh
mo shlán feasda a cur ar gcúl.

3 Easbhadh na ndeaghaidh ar dhaimh
cethrar nac gabhtha re ngliaidh
d'aithle a ccorp do chor a n-uir
olc dhuinn gan ar ndol na ndiaigh.

4 Meic ríogh do ghabhadh a ngréim
o earrach gan diol don dróing
nior chuir an samhradh lámh linn
ámghar sinn dar ccrádh fan ccloinn.

5 On chethrar do luigh fán lia
na ndeghaidh as olc a-tú
ni linn brosnagh gill na gleó
acht sinn beo gan chosnamh chlú.

6 D'éis dha Raghnall do dol dinn
gan chur re faghluim ag fáidh
ég Dhomhnuill ina linn leoin
sinn tre Eoin fa chomhroinn chraidh.

7 Ceithre seabhaic chrichthe Cuinn
sinte fa chlochaibh san chill
cnúas a mét ni choimhreic coill
ar n-ég don chloinn oirdherc fhinn.

8 Ceithre slata d'fiodhbhadh úir
o Themraigh bhratghloin o Bhoinn
a ndul d'eitnibh Ilé a n-úaigh
sluaigh ar ttire a mbertuibh broin.

9 Ceithre leoghain criche Breagh
budh díon do deoradhibh sgol

croinn caomhfaltach nar choill mhion
coill d’fiodh nar cháomhantach crodh.

10 Linn tar ghréin ar sámhradh sioc
d’ég Raghnaill is rinn dar n-olc
roileir gach aoines ag at
fa mac Ailin chaoines crot.

11 Ar gcuruidh gan tosd a-tád
an chumha ag moigladh a mét
cloch bhuaidhe ar n-armlann fa fhód
tre Raghnall óg uainne d’ég.

12 Nochan fhoghtar cnuas ar choill
gan bhuain re torchar ag tuinn
tre mac Aonghuis do lorg linn
bolg tinn ar gach caolbhois chuir.

13 Eoin mac Ailín ar n-ég uainn
glac raireigh fa tren ar thóir
sgach aoinchéim na dheghaidh duinn
dealbhadh dhluith fa bhaoithréim bróin.

14 Nior fuilgadh thrá hé gan fhios
a n-ég do chach mar do-chlos
tug ar slúaighibh thuaidh tes
treas fan uaigh ar bualadh bos.

15 Teasda na toinech uainn budh dhéin
gan dúas na ndeghaidh ag dáimh
tugsad leo an fheile san uaigh
buaigh gleo is buaigh cheille chaigh.

16 Dera on adhbhra ag tocht om thuinn
denamh marbhna is leasg linn
beg umhla na ndiaigh don droing
ar ccoill chumhra a ccriaidh san chill.

17 D’aithle tuirsi an bhuaidhridh bhuirb
ni luaighter suighe go seilg
mo chíos bhróin rem chois dom chailg
mairg anois do-chóidh rem cheird.

18 Crobhuing charrmogal chloch mbúadh
ni dherrnadar olc fa óir
ar gach taobh d’Albain fá rior
ni laghduigh fion braon dom bhrón.

19 Brón mar sin dar ghabhadh greim

cóir anois a labhairt linn
tonn tuisligh fan mBhanbha ag luing
fa chloinn Uisnigh ámhra fhinn.

20 Marbhais Conchobhair séimh sáor
tre éd anbfosuidh fa ól
mic Uisnech budh damhna dér
sgél dar tuismidh Banbha a brón.

21 Naoisi is Ainnle is Ardán úr
do marbhadh an gabhladh glíadh
tug sin do chréidhím s do chrádh
a lán d'Eirinn soir is síar.

22 Aniodh ar fhedh Innsi Gall
medh don chaoi-si chlair na bFionn
cuirther gach laoi go léir lóm
ar ccaoi thróm céim osa chionn.

23 Gan fáth tét a ccruitibh ceoil
teid an tuirsi a-ta nar ttír
roilein is cumhuin don chléir
céim tar chumhadh oilein Ír.

24 Eg chloinne Raghnuill fa-ríor
orbh anbhann ar ccoinne a ccúan
is gerrún tuile go trágh
crádh a n-élúgh uile uainn.

25 An balsuim tug cod ar chúan
uch nac fuil aguinn fa rior
coill oinidh do aomh an t-éol
sbraon a mbeol gach deighfhir dhiobh.

26 An dágha ar eitill sgach aird
do thairsia leighis le a luirg
ni dhuinn nar chosmhuil gan cheilg
tnuth re ceird an bhosghoin bhuirb.

27 Teasda curadh cloinne Chuinn
roineimh da ccumhuidh far ccóim
na ndeghuidh ni saoghlach sinn
baodhlach linn deaghal on droing.

28 A n-édach nior cheilte ar chleir
a sdéda no [a] n-easgra óir
ar ttreagdagh ac chleit[h] fa chríaidh
bheith na ndiaigh is biodhgadh bróin.

29 O do fholaigh an úir íad
gan dúil re toradh ag tréd
coillte folbha súas mar súd
ni lúb an cnuas gabla gég.

30 Da n-ég ni torchartach traigh
seis le searbhghothaibh ag sín
beg a tarbha ar fhedh a hóil
an fhleadh bhroin tarla nar ttir.

31 Foghar cáoine a srothuibh sliabh
faoidhe gola a ngothibh én
gan socar o linn ag líon
do mhill síon fochann is fer.

32 Nocha fes turadh nar ttir
an chumha dom chur o cheill
caoi na sgol o cheilt do chóidh
o mbeirt bhróin do chur fa chleir.

33 Ar n-aibhne gan iasgach ttróm
gan fhiadhach um ghabhluibh gleann
beg toradh a-ta ar gac fonn
do cná an tonn go bonuibh benn.

34 Umptha ni sguir confadh cuain
gach muir gan torchar na thráigh
fa fhíndigh a n-ám an óil
barr broin ag mílidh (?) ar mhnaibh.

35 Fuacht na n-inbher lor dar lot
gan uain inghealta ag eon mbrioc
is áth gac abhann lan leac
ni lamh ann breac snámh ag sioc.

36 Doimenma a bfuighlibh le fíoch
ni chluinnter ceileabhradh cúach
nert gan cheill do ghabh an gháoth
sreabh os fhraoch ag béin a bruach.

37 Tre chloinn Raghnuill dh’ímthecht uainn
d’fhoghluim ni hinnleanta dhuinn
trath don ollam dul na ndiaig
biaidh bronnadh ga chur a ccúil.

38 Crioch ar ccomhraidh uainn fa fhód
ar n-orgháin is ar n-uaill líag
drong gan chás do cháochludh séd
tréd do fhás a haonphór íad.

39 Uainn ge dheachaidh go Día
ar n-uaithne gaisgidh a ngleo
na deghfir gach tráth fa ttú
mairidh a cclú go brách beó.

40 Grás an Athar on tigh thall
dom thabhairt ar nimh a-nunn
nech is doilghe cor na cheann
ferr toil an Coimhdhe ro-m cúm.  Cuma cethrair do measg